

clogad



páirc



luascán

## An Fiosraitheoir

**Tasc 1:**
Cén fáth a gcaitheann na páistí clogad, do bharúil?

**Tasc 2:**
Aimsigh 5 fhocal nó 5 fhrása a chiallaíonn **ar fheabhas**.

Rewarding Learning

Gach íomhá agus léaráid © thinkstock.com

16 Mo Chairde

Foilseachán de chuid CCEA © 2014

Curaclam Thuaisceart Éireann

# Taisce Tuisceana



# Mo Chairde

# Mo Chairde

Is mise Máire agus tá a lán cairde agam. Feicim mo chairde gach lá. Siúlann muid ar scoil le chéile gach maidin. Bíonn muid i gcónaí ag súgradh le chéile. Tá mo chairde iontach deas cineálta. Tá siad iontach cuidiúil fosta.

Is breá linn bheith ag súgradh taobh amuigh. Téann muid amach ar na rothair. Tá rothar ag gach duine againn. Caitheann gach duine againn **clogad**. In amanna, bíonn cead againn dul go dtí an siopa ar na rothair.

Ag deireadh na seachtaine, téann muid go dtí an linn snámha. Téann muid sa charr le mo mhamaí. Tá **páirc** ann fosta. Má bhíonn muid réidh in am, téann muid isteach ann. Bíonn craic ar dóigh againn. Dé Sathairn seo caite, tháinig mo dhaidí linn go dtí an pháirc. Bhí sé ábalta muid a bhrú go hard ar an **luascán**. Bhí sé ar fheabhas! Is breá liom bheith le mo chairde.



# Ceisteanna

**1.** **Cad é a dhéanann na páistí seo gach maidin?**
(a) Téann siad ar scoil le chéile
(b) Bíonn siad ag obair
(c) Téann siad ag siopadóireacht

**2.** **Tá cairde Mháire:**
(a) iontach dalba.
(b) iontach maith.
(c) iontach callánach.

**3.** **Cad é a chaitheann na páistí nuair a bhíonn siad ar na rothair?**
(a) Cóta
(b) Clogad
(c) Mála

**4.** **Cad é a dhéanann na cairde ag deireadh na seachtaine?**
(a) Téann siad ag snámh
(b) Téann siad ag scátáil
(c) Amharcann siad ar an teilifís

**5.** **Cad é a rinne siad Dé Sathairn seo caite?**
(a) Chuaigh siad go dtí an phictiúrlann
(b) Chuaigh siad go dtí na siopaí
(c) Chuaigh siad go dtí an pháirc

**6.** **Cad é ábhar an scéil seo go príomha?**
(a) Rothaíocht
(b) Cairde Mháire
(c) An scoil